Coimisiún na Meán

# Cuid 68
# SEIRBHÍS CHRAOLACHÁIN FUAIME SHEALADACH (30 Lá ar a mhéad)

## Treoir d'Iarratais

Dáta foilsithe:

Lúnasa 2024

Forchoimeádann Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") an ceart aon chuid den *Treoir seo maidir le hIarratais ar Sheirbhísí Craolacháin Fuaime Sealadacha ("Treoir")* a cheartú nó a shoiléiriú.

Cuirfear aon cheartúchán, soiléiriú nó eolas forlíontach den sórt sin in airde ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán: www.cnam.ie

Ba cheart gach ceist maidir leis an *Treoir* seo a sheoladh ar ríomhphost chuig: contracts@cnam.ie

**Tabhair faoi deara go bhfuil treoir agus foirm iarratais ar leith ann d'iarratasóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar sheirbhís chraolacháin fuaime shealadach phíolótach pobail 100 lá. Ní mór d'iarratasóirí an fhoirm iarratais cheart a úsáid.**

Coimisiún na Meán

Clár

1. RÉAMHRÁ ..... 3

2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH ..... 3

3. DOICIMÉADACHT FHORLÍONTACH RIACHTANACH ..... 5

4. MEASÚNÚ AR IARRATAIS ..... 6

5. FAISNÉIS d'IARRATASÓIRÍ ..... 7

6 BRONNADH CONARTHA ..... 9

## 1. RÉAMHRÁ

Foráiltear le halt 68(1)(a) den Acht Craolacháin 2009 arna leasú ("Acht 2009") go bhféadfaidh an Coimisiún, in aon tréimhse 12 mhí, conradh craolacháin fuaime a dhéanamh le hiarratasóir ar sheirbhís chraolacháin fuaime a sholáthar i limistéar sonraithe ar feadh tréimhse nach faide ná **30 lá** (cibé acu is laethanta as a chéile nó nach ea) sa tréimhse 12 mhí sin.

Sonraítear sa Treoir seo na nósanna imeachta a ghlacfar don phróiseas iarratais maidir le conradh craolacháin fuaime a bhronnadh le haghaidh seirbhísí craolacháin fuaime sealadacha ar feadh tréimhse nach faide ná 30 lá agus tugtar treoir d'iarratasóir maidir le riachtanais Acht 2009. Aithnítear sa Treoir seo freisin beartais ábhartha an Choimisiúin agus sonraítear inti an fhaisnéis ba cheart a chur san áireamh in iarratas.

Ní airbheartaíonn an Treoir a bheith uileghabhálach, agus ba cheart d'iarratasóir ionchasach aird a thabhairt ar fhorálacha ábhartha Acht 2009 agus ar bheartais an Choimisiúin, lena n-áirítear an Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin, agus an Beartas Meán Pobail agus an Creat Tairbhe Sóisialta. Tá na cáipéisí seo ar fáil ar líne ag www.cnam.ie nó ar iarratas ón gCoimisiún. Tá foireann an Choimisiúin ar fáil freisin le comhairle a sholáthar i gcás go bhfuil aon cheisteanna ag iarratasóir ionchasach maidir le hábhar na Treorach seo nó leis an bhformáid iarratais anseo.

Tabhair faoi deara go bhfuil gach iarratas faoi réir ag an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a bheith in ann sannadh minicíochta oiriúnach a chur ar fáil don tseirbhís bheartaithe. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara, mar gheall ar shrianta speictrim, go mb'fhéidir nach bhféadfaí freastal ar an líon laethanta, suíomhanna agus ERP (Cumhacht Éifeachtach Radaithe) a bheartaítear.

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an bpróiseas ceadúnaithe a sheoladh chuig an r-phost: contracts@cnam.ie

## 2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH

Ní mór d'iarratas ar chonradh craolacháin fuaime sealadach a bheith bronnta de bhun alt 68(1)(a) d'Acht 2009 na ceanglais go léir atá leagtha amach sa Treoir seo a chomhlíonadh. Mura gcomhlíontar na ceanglais fhoilsithe go hiomlán, is féidir go ndéanfaí an t-iarratas a dhícháiliú agus, ar an gcaoi sin, ní bhreithneoidh an Coimisiún é.

### *2.1* Leagan Amach

Caithfear t-iarratas a chur isteach i mBéarla nó i nGaeilge san *Fhoirm Iarratais - Seirbhís Chraolacháin Fuaime Shealadach* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ("an Fhoirm Iarratais"). Ní mór an fhaisnéis riachtanach go léir mar a thuairiscítear sa Treoir seo agus san Fhoirm a bheith sa togra.

Ní mór an fhaisnéis go léir a iarrtar san fhoirm agus na doiciméid a iarrtar a ghabhann léi mar atá leagtha amach i gcuid 3 den Treoir a chur isteach. Mar threoir d'iarratasóirí, cuirtear seicliosta de na doiciméid riachtanacha ar fáil san fhoirm iarratais.

Seolfar iarratais neamhiomlána ar ais agus ní féidir iad a mheas.

### 2.2 Aighneacht

Tá ar iarratasóir cóip amháin (1) den iarratas a chur isteach i bhformáid PDF nó Word chuig an seoladh ríomhphoist, contracts@cnam.ie Ba cheart go mbeadh iarratais in aon doiciméad amháin go hidéalach nó níor cheart go mbeadh níos mó ná dhá (2) cheangaltán ag gabháil leo.  Níor cheart go mbeadh an t-iarratas agus na ceangaltáin níos mó ná 8MB. Féadfar an t-iarratas a chur isteach i nGaeilge nó i mBéarla.

### 2.3 Tréimhse ama chun Iarratais a chur isteach

Ba cheart iarratais chomhlánaithe a chur isteach, ar a laghad, trí (3) mhí roimh an gcéad dáta craolta atá beartaithe. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil le hIarratasóirí maidir leis an tréimhse ama don phróiseas iarratais agus na dátaí craolta atá beartaithe.

### *2.4* An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014

Ba chóir don Iarratasóir a bheith ar an eolas freisin go ndéantar foráil in alt 19 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 maidir le nochtadh faisnéise ag an gCoimisiún don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí i gcúinsí áirithe.

### *2.5* Saoráil Faisnéise

Féadfar taifid a chur ar fáil don phobal mar fhreagra ar iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ("an tAcht um Shaoráil Faisnéise"). Díolmhaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise taifid áirithe ó fhoilsiú freisin. Ní mór faisnéis a mheasann an tIarratasóir a bheith rúnda nó íogair ó thaobh na tráchtála de (nó atá díolmhaithe ar shlí eile ó cheanglais nochta an Achta um Shaoráil Faisnéise) a chur san áireamh in iarscríbhinn rúnda a ghabhann leis an bhFoirm Iarratais.  Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle, nuair is féidir, leis an bpáirtí leasmhar faoin iarraidh sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarratas a gheofar.

### *2.6* Comhaontuithe Tríú Páirtí

Tá aon chomhaontuithe idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara maidir le faisnéis rúnda agus/nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de gan dochar d'oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, faoi Acht 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.  Ní féidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, a bharántas a thabhairt nach bhféadfaí faisnéis a éilíonn páirtí leasmhar a bheith rúnda nó íogair ó thaobh na tráchtála de, nó a láimhseáiltear mar fhaisnéis den sórt sin, a nochtadh de bhun an dlí.

### 2.7 Cosaint Sonraí

Comhlíonfaidh Coimisiún na Meán a oibleagáidí faoin Treoir maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlí agus rialachán príobháideachais sonraí eile is infheidhme nuair atá aon fhaisnéis phearsanta dá leithéid a chuirtear isteach chuig an bpróiseas ceadúnaithe seo á láimhseáil agus á próiseáil.

Úsáidfear an t-eolas a chuirtear isteach san iarratas, lena n-áirítear aon eolas pearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus le dul i gcomhairle leis an iarratasóir. Ní choinneofar aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear isteach ach amháin sa chás go n-éireoidh leis an iarratas. D'fhéadfadh faisnéis den sórt sin a bheith ag teastáil le haghaidh conradh amach anseo, go dtí go gcuirfear an próiseas ceadúnaithe i gcrích.

Tá Oifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta agus faoi bheartais ghaolmhara an Choimisiúin ag Cosaint Sonraí (cnam.ie).

## 3. DOICIMÉADACHT FHORLÍONTACH RIACHTANACH

Ionas go measfar iarratas a bheith comhlánaithe, ní mór na doiciméid seo a leanas a chur faoi bhráid an Choimisiúin trí ríomhphost a sheoladh chuig contracts@cnam.ie

**3.1 Deimhniú ar Ionchorprú**

Ní mór d'iarratasóir ar Sheirbhís Chraolacháin Fuaime Shealadach a bheith ina eintiteas dlíthiúil, is é sin cuideachta chláraithe nó comharchumann. Ní dhéanfaidh an Coimisiún conradh craolacháin fuaime sealadach le duine aonair nó le grúpa de dhaoine aonair. Is féidir gur mhaith le páirtithe leasmhara faisnéis a lorg maidir le conas iad féin a bhunú mar eintiteas dlíthiúil trí theagmháil a dhéanamh le comhlachtaí ábhartha amhail an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, nó Cumann Comhareagraíochtaí na hÉireann.

**3.2 Bunreacht, Rialacha an Chomharchumainn nó a Chomhionann**

Ní mór d'iarratasóir cóip dá Bhunreacht, de Rialacha an Chomharchumainn, nó dá chomhionann, a chur isteach. Tabhair faoi deara más cuideachta é iarratasóir, ní mór don Bhunreacht forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014 a léiriú. Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go ndearnadh Meabhráin agus Airteagail Chomhlachais roimhe seo a nuashonrú go Bunreacht agus go gcomhlíonann siad forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

**3.3 Deimhniú an Rúnaí nó a Chomhionann**

Leagtar amach sa doiciméad seo úinéireacht agus struchtúr rialaithe an iarratasóra, lena n-áirítear seoladh cláraithe, ainmneacha agus seoltaí an Bhoird Stiúrthóirí nó baill an Choiste Bainistíochta, ainm agus seoladh an Rúnaí, an tOifigeach Comhlíontachta beartaithe, agus catagóirí ballraíochta nó faisnéis scairshealbhóra.

Cuirtear Teimpléid de Dheimhnithe Rúnaí do chuideachta, do chomharchumann, agus d'institiúid oideachais ar fáil san Fhoirm Iarratais. Ba cheart d'iarratasóirí an teimpléad cuí a chomhlánú ag brath ar an gcineál eintitis a bunaíodh, e.g.: cuideachta, nó institiúid oideachais, agus é a mhodhnú de réir mar is gá.

**3.4 Sceideal Clár Táscach**

Ba cheart go léireodh an Sceideal Clár atá beartaithe don tseirbhís na gealltanais chlársceidealaithe atá leagtha amach ag an Iarratasóir ina fhoirm iarratais. Tabhair faoi deara go mbreithneofar an Sceideal Clár ag tagairt don chaoi a bhfuil na gealltanais chlársceidealaithe atá leagtha amach san fhoirm iarratais á gcomhlíonadh agus don chaoi a bhfuiltear ag freastal ar éagsúlacht na gclár don phobal agus don cheantar lena mbaineann. Ar a laghad, ba cheart don sceideal clár táscach sonraí a sholáthar faoi na huaireanta craolacháin agus na tuairisceoirí cláir atá beartaithe.

**3.5 Léarscáil den Réimse Saincheadúnais**

Léarscáil a thugann breac-chuntas ar an réimse saincheadúnais atá beartaithe, lipéadaithe chun suíomh an tsuímh tarchuradóra atá beartaithe a thaispeáint go soiléir. Bíonn réimse saincheadúnais thart ar 8km ag seirbhísí craolacháin fuaime sealadacha de ghnáth.

Coimisiún na Meán

### 3.6 Stiúideonna

Ba cheart d'iarratasóirí a ndícheall a dhéanamh chun stiúideonna agus oifigí atá inrochtana go hiomlán a chur ar fáil. Más mian le hiarratasóir, amach anseo, iarratas a dhéanamh ar sheirbhís chraolacháin fuaime shealadach phíolótach pobail, beidh stiúideonna, oifigí agus áiseanna leithris atá inrochtana go hiomlán ag teastáil. Tugtar sonraí faoi na riachtanais seo sa *Treoir maidir le hIarratais ar Sheirbhís Craolacháin Fuaime Shealadach Phíolótach Pobail a Sholáthar*.

### 3.7 Luachan le haghaidh Árachais

Ní mór d'iarratasóir polasaí árachais cuí a bheith i bhfeidhm chun an tseirbhís a oibriú. Caithfidh cumhdach árachais leabhail a bheith sa pholasaí seo agus caithfear an Coimisiún a shlánú go sonrach faoin bpolasaí seo. Ní mór cóip den luachan atá beartaithe a chur san áireamh leis an iarratas. Ní mór cruthúnas ar an bpolasaí deiridh do na dátaí ar an aer a chur ar fáil sula dtabharfar an chaibidlíocht chonartha i gcrích.

- Ní mór a lua go sonrach sa pholasaí go bhfuil Coimisiún na Meán slánaithe faoin bpolasaí; agus
- Caithfidh leabhal; dliteanas poiblí; agus clúdach polasaí dliteanais fostóra a bheith san áireamh sa pholasaí.

Ní mór don tréimhse árachais fad iomlán na seirbhíse craolacháin fuaime a chumhdach.

## 4. MEASÚNÚ AR IARRATAIS

### Céim a hAon: An Réamhchéim

Nuair a chuirfear iarratas isteach, déanfaidh foireann ceadúnaithe an Choimisiúin athbhreithniú air chun a chinntiú:

- gur úsáideadh an fhoirm iarratais chuí agus gur freagraíodh na ceisteanna riachtanacha go léir;
- gur cuireadh an doiciméadacht fhorlíontach riachtanach isteach;
- go gcomhlíonann an t-iarratasóir beartas an Choimisiúin agus alt 62 d'Acht 2009 i ndáil le haighneachtaí ó iar-oibreoirí neamhcheadúnaithe; agus
- nach sáraíonn na dátaí craolta beartaithe na ceanglais 30 lá atá leagtha amach in alt 68(1) d'Acht 2009.

### Céim a Dó: An Chéim Cháilíochtúil

I rith na céime seo déanfar athbhreithniú ar an iarratas chun a chinntiú go bhfuil faisnéis go leor curtha ar fáil chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an iarratas de réir fhorálacha ábhartha Acht 2009.

Déantar measúnú agus aird á tabhairt ar an méid seo a leanas;

- forálacha Acht 2009 agus beartais ghaolmhara an Choimisiúin;
- an fhaisnéis agus an doiciméadacht tacaíochta de réir mar is gá i ngach cuid den Fhoirm Iarratais; agus

- infhaighteacht speictrim. Tá formheas na n-iarratas faoi réir ag an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a bheith in ann sannadh minicíochta oiriúnach a chur ar fáil don tseirbhís atá beartaithe.

Tá faisnéis mhíniúcháin maidir le gach cuid den fhoirm iarratais leagtha amach thíos, agus is féidir faisnéis chomhchosúil a fháil san fhoirm iarratais ábhartha freisin.

## 5. FAISNÉIS d'IARRATASÓIRÍ

### 5.1 Sonraí an Iarratasóra

Ba cheart go leagfaí amach sa chuid seo ainm an iarratasóra, agus a stádas mar eintiteas dlíthiúil. Ba cheart a shoiléiriú sa chuid seo freisin ar oibrigh an t-iarratasóir seirbhís shealadach, seirbhís phíolótach pobail, nó seirbhís de chineál eile roimhe seo, faoi chonradh craolacháin le Coimisiún na Meán.

### 5.2 Úinéireacht agus Rialú

Baineann an chuid seo le húinéireacht agus struchtúr rialaithe an iarratasóra agus iarrann sí faisnéis ar an gcomhlacht rialaithe agus ar bhaill an iarratasóra. Iarrann an chuid seo sonraí freisin maidir le bainistiú agus oibriú na seirbhíse. Cuirtear forálacha ábhartha Acht 2009 agus beartais an Choimisiúin san áireamh agus an fhaisnéis sa chuid seo á measúnú, lena n-áirítear:

- Carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra, lena n-áirítear a stiúrthóirí, a bhainisteoir, a rúnaí;
- Comhdhéanamh Orgán Feidhmiúcháin an iarratasóra, cothromaíocht inscne san áireamh;[1]
- Struchtúr ballraíochta / scairshealbhóirí an iarratasóra.
- Struchtúr bainistíochta beartaithe an iarratasóra;
- Conas a oibreofar an tseirbhís, lena n-áirítear líon na mball foirne nó na n-oibrithe deonacha íoctha a bheidh ag feidhmiú; agus
- Feidhmíocht agus comhlíontacht chonarthach an iarratasóra faoi aon chonradh craolacháin roimhe sin atá i seilbh an iarratasóra.

### 5.3 Clársceidealú

Baineann an chuid seo leis na gealltanais chlársceidealaithe atá an t-iarratasóir sásta a dhéanamh maidir le príomhghnéithe den tseirbhís atá beartaithe. Má éiríonn leis an iarratasóir, aistreoidh na gealltanais sin chuig an Ráiteas Beartais Cláir sa chonradh craolacháin fuaime. Feidhmeoidh an Ráiteas Beartais Cláir mar shlat tomhais a ndéanfar feidhmíocht an iarratasóra a n-éireoidh leis amach anseo a thomhas agus a mheasúnú ina coinne.

[1] Bord Stiúrthóirí, an Coiste Bainistíochta nó comhlacht bainistíochta eile.

Cuirtear forálacha ábhartha Acht 2009 agus beartais an Choimisiúin san áireamh agus an fhaisnéis san chuid seo á measúnú, lena n-áirítear:

- Straitéis agus tograí beartaithe an iarratasóra maidir le clársceidealú a fhorbairt agus a tháirgeadh;
- Caighdeán, cineál agus raon na gclár atá beartaithe agus an chaoi a bhfreastalaíonn siad ar leasanna agus ar riachtanais an phobail atá le freastal orthu;
- Sceideal clár beartaithe an iarratasóra;
- Inmhianaitheacht éagsúlacht seirbhísí a bheith ann sa réimse saincheadúnais atá beartaithe;
- Feidhmíocht agus comhlíontacht chonarthach an iarratasóra faoi aon chonradh craolacháin roimhe sin atá i seilbh an iarratasóra.

**5.4 Stiúideonna agus Tarchur**

Baineann an chuid seo le hoiriúnacht na n-áiseanna stiúideo agus tarchurtha atá beartaithe don tseirbhís.

Cuirtear forálacha ábhartha Acht 2009 agus beartais an Choimisiúin san áireamh agus an fhaisnéis san chuid seo á measúnú, lena n-áirítear:

- An tréimhse ama chun tús a chur leis an tarchur;
- Acmhainneacht na n-áiseanna stiúideo agus tarchurtha;
- Oiriúnacht na dtograí tarchuir;
- Feidhmíocht agus comhlíontacht chonarthach an iarratasóra faoi aon chonradh craolacháin roimhe sin atá i seilbh an iarratasóra.

**5.5 Plean Airgeadais agus Gnó**

Baineann an chuid seo le hoiriúnacht an phlean airgeadais agus gnó atá á mholadh ag an iarratasóir agus cuirtear san áireamh an cineál seirbhíse a bhfuil an t-iarratasóir ag cur isteach air. Cuirtear forálacha ábhartha Acht 2009 agus beartais an Choimisiúin san áireamh agus an fhaisnéis san chuid seo á measúnú, lena n-áirítear:

- Tograí maoinithe agus ioncaim an iarratasóra, lena n-áirítear na foinsí agus na leibhéil mhaoinithe / ioncaim ó gach foinse;
- Caiteachas réamh-mheasta an iarratasóra don tseirbhís, lena n-áirítear cineál agus leibhéal na gcostas atá i gceist; agus
- Feidhmíocht agus comhlíontacht chonarthach an iarratasóra faoi aon chonradh craolacháin roimhe sin atá i seilbh an iarratasóra.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas, cinnfidh foireann an Choimisiúin cé acu a mholfar an t-iarratas don Choimisiún nó nach molfar.

- Má mholtar an t-iarratas, rachaidh an t-iarratas ar aghaidh go dtí céim a trí.
- Mura moltar an t-iarratas cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoi na cúiseanna nár moladh an t-iarratas agus tabharfar aiseolas eile, de réir mar a iarrfar, don iarratasóir ar mhaithe le hiarratais amach anseo.

### Céim a Trí: Próiseas Cinnteoireachta

Má mholtar an t-iarratas, déanfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le conradh craolacháin fuaime sealadach a bhronnadh tríd an bpróiseas cinnteoireachta a leagtar amach thíos a leanúint:

1. Cuirfidh foireann An Choimisiúin tuarascáil mheastóireachta tosaigh faoi bhráid an Choimisiúin agus breithneoidh siad ansin an mheastóireacht a rinneadh agus an t-iarratas a cuireadh isteach. Déanfar an tuarascáil mheastóireachta a struchtúrú trí úsáid a bhaint as na ceannteidil atá leagtha amach i gCuid 5 den Treoir seo.

2. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil aon saincheisteanna ann a dteastaíonn soiléiriú ina leith agus/nó má theastaíonn aon fhaisnéis bhreise ina leith ón iarratasóir, féadfar an fhaisnéis sin a lorg i scríbhinn agus/nó cruinnithe leis an bhfoireann ag Coimisiún na Meán.

3. Tar éis aon chruinniú riachtanach/cruinnithe riachtanacha agus/nó aon fhreagra/freagraí ar cheisteanna scríofa forlíontacha, déanfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le bronnadh an chonartha.

4. De rogha air sin, féadfaidh Coimisiún na Meán cinneadh a dhéanamh gan conradh a bhronnadh agus cuirfear cúiseanna leis an gcinneadh sin ar fáil d'iarratasóirí.

Féachfaidh an Coimisiún lena mheastóireacht ar an togra iarratasóra a chur i gcrích laistigh de 60 lá tar éis iarratas iomlán a fháil.

## 6 BRONNADH CONARTHA

Beidh bronnadh conartha craolacháin fuaime shealadaigh faoi réir an t-iarratasóir a n-éireoidh leis nó léi an conradh beartaithe a aontú agus a shíniú ina mbeidh téarmaí agus coinníollacha mar a chinnfidh Coimisiún na Meán. Ba cheart d'iarratasóir a thabhairt faoi deara go ndéantar cinneadh an Choimisiúin le conradh craolacháin fuaime sealadach a bronnadh i bprionsabal faoi réir chaibidlíocht chonartha a thabhairt i gcrích go rathúil agus faoi réir aon choinníollacha eile ar mhaith leis an gCoimisiún a chur ag gabháil le bronnadh an chonartha. Tá teimpléad de chonradh craolacháin fuaime do sheirbhís craolacháin fuaime shealadach ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.cnam.ie .

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go bhfuil faisnéis sna Sceidil a ghabhann le conradh den sórt sin maidir le húinéireacht agus rialú an iarratasóra agus an chlársceidealaithe agus go gcinnfear iad den chuid is mó de réir na faisnéise, na ngealltanas agus na ngníomhartha atá san iarratas rathúil. Dá bhrí sin, déanfar sonraí an struchtúir úinéireachta agus rialaithe, na gealltanais chlársceidealaithe agus an sceideal clár táscach agus an tarchur agus na stiúideonna a thrasuí de ghnáth ón iarratas rathúil.

De bhreis ar chonradh a shíniú, beidh conradh den sórt sin ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal in oifigí an Choimisiúin.[2]

[2] Alt 69(5) d'Acht 2009.

Coimisiún na Meán

Mura gcomhaontóidh iarratasóir a n-éireoidh leis nó léi le haon choinníollacha a iarrfaidh an Coimisiún, nó mura gcomhlíonfaidh sé nó sí aon choinníollacha a iarrfaidh an Coimisiún, laistigh den tréimhse ama a iarrfar, féadfaidh an Coimisiún diúltú conradh craolacháin fuaime sealadach a dhéanamh.

**Athruithe ar Fhaisnéis**

Forchoimeádann Coimisiún na Meán an ceart conradh craolacháin fuaime sealadach a chúlghairm do sheirbhís chraolacháin fuaime shealadach tar éis dó a bheith bronnta nó deonaithe má tharlaíonn athruithe a athraíonn cineál nó buntréithe an iarratasóra nó na seirbhíse atá beartaithe nó fírinne, bailíocht nó cruinneas na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil go hábhartha agus i gcás ina bhféadfadh athruithe den sórt sin difear a dhéanamh don chinneadh an conradh craolacháin fuaime a bhronnadh dá mba rud é gur tharla na hathruithe sin sula ndearnadh an bronnadh.

Coimisiún na Meán

**Coimisiún na Meán**

1 Foirgnimh Shíol Bhroin,

Bóthar Shíol Bhroin,

Baile Átha Cliath, D04 NP20,

Éire.

Teileafón: 01 644 1200

Ríomhphost: info@cnam.ie

Suíomh Gréasáin: www.cnam.ie